An Roinn Cosanta
Department of Defence

Óglaigh na hÉireann
IRISH DEFENCE FORCES

An Roinn Cosanta agus Óglaigh na hÉireann

Ráiteas Straitéise 2025–2028



© 2025 Cóipcheart
An Roinn Cosanta agus Óglaigh na hÉireann

Bóthar an Stáisiúin, An Droichead Nua, Contae Chill Dara, W12 AD93

Teil: (045) 49 2000

https://www.defence.ie

https://www.military.ie

Clár na nÁbhar

Réamhrá an Aire Cosanta 2

Réamhrá an Ard-Rúnaí agus an Chinn Foirne 3

An Roinn Cosanta agus Óglaigh na hÉireann 4

Údáras na Roinne Cosanta 4

Fís, Misean & Róil na Roinne Cosanta agus Óglaigh na hÉireann 5

Príomhthoiciméid Bheartais 6

Comhthéacs Beartais 7

Spriocanna Straitéiseacha 13

Gealltanais a luaitear i gClár an Rialtais 18

Gealltanais faoi stiúir na Roinne Cosanta a eascraíonn as Clár an Rialtais, 2025 – Todhchaí na hÉireann a Shlánú 18

Gealltanais Trasearnála i gClár an Rialtais, 2025 a bhaineann leis an Roinn Cosanta 20

An tAire Cosanta

Mar Thánaiste agus an tAire Cosanta, cuirim fáilte roimh fhoilsiú an Ráitis Straitéise seo a thugann an treo straitéiseach don Roinn Cosanta agus d'Óglaigh na hÉireann thar na trí bliana atá romhainn agus a leagann béim ar thiomantas an Rialtais seo do chosaint agus do shlándáil ár dtíre.

I ndiaidh thuarascáil an Choimisiúin ar Óglaigh na hÉireann (CÓÉ) arna foilsiú in 2022, cheadaigh an Rialtas bogadh go 'Leibhéal Uaillmhéine 2' faoi 2028, mar a leagtar amach sa chreat cumais arna cheapadh ag an gCoimisiún. Mar thoradh air sin, tiocfaidh ardú ar bhuiséad na Roinne Cosanta ó €1.1 billiún go €1.5 billiún, i bpraghsanna 2022, faoi 2028, mar chuid den phróiseas Meastachán bliantúil.

Is ionann an leithdháileadh iomlán don Chosaint in 2025 agus €1.35 billion, an leibhéal is airde riamh agus méadú 22% ó bhí 2022 ann. Áirítear leis seo leithdháileadh caipitil de €215 milliún, sin méadú 52% ó 2022, agus tá méadú breise beartaithe do 2026, go €220 milliún. Ligfidh sé seo don chlaochlú agus don infheistíocht shuntasach is gá in earcaíocht agus i dtrealamh arna sainaithint ag COÉ.

Cuimsíonn an méadú seo maoiniú reatha agus caipitil araon, agus é á thacú ag clár oibre cuimsitheach um chlaochlú atá ar siúl faoi láthair ar fud na Roinne agus Óglaigh na hÉireann, mar a leagtar amach agus a tugadh tús áite dó in Athbhreithniú ar Bheartas Cosanta 2024, sa Chreat Straitéiseach agus sa Phlean Mionsonraithe Cur Chun Feidhme do Thuarascáil CÓÉ.

Lasmuigh den tréimhse ama seo, tugtar le fios i gClár an Rialtais go bhfuil sé beartaithe leanúint ar aghaidh ag méadú na hinfheistíochta i réimse na Cosanta, ag soláthar an mhaoinithe agus na tacaíochta polaitiúla is gá chun Cumas Feabhsaithe Leibhéal Uaillmhéine 2 a bhaint amach, agus bogadh chomh luath agus is féidir go Leibhéal Uaillmhéine 3 le hinfheistíocht chomhréireach, de réir mar is cuí chun cumais chosanta lánspeictrim a fhorbairt chun Éire agus a muintir a chosaint go leibhéal atá inchomparáide le tíortha den mhéid chéanna san Eoraip.

Táim ag tnúth le dul i mbun oibre go dlúth leis an Ard-Rúnaí, leis an gCeann Foirne agus a bpearsanra, sibhialta agus míleata faoi seach, agus táim muiníneach, trí oibriú le chéile, go n-éireoidh linn ár bhFórsaí Cosanta agus ár soláthar cosanta in Éirinn a athrú ó bhonn.

Simon Harris

Tánaiste agus an tAire Cosanta

Ard-Rúnaí agus Ceann Foirne



Tá áthas orainn Ráiteas Straitéise 2025-2028 a chur i láthair an Tánaiste agus an Aire Cosanta. Ullmhaíodh an Ráiteas Straitéise seo tar éis dul i gcomhairle le foireann na Roinne agus Óglaigh na hÉireann, le Ranna Rialtais eile agus le páirtithe leasmhara seachtracha. Leagtar amach ann treo straitéiseach agus clár oibre ardleibhéil na Roinne Cosanta agus Óglaigh na hÉireann, atá le seachadadh thar na trí bliana atá romhainn, i gcomhar lenár bpáirtithe leasmhara. Leagtar amach ann ár bhFís agus ár Misean, chomh maith le sraith spriocanna straitéiseacha agus gníomhartha tacaíochta atá deartha chun ár bhfreagrachtaí a chomhlíonadh.

Tá struchtúr sibhialta-míleata uathúil againn agus tá sé de dhualgas ar eilimintí míleata agus sibhialta araon oibriú le chéile chun an Straitéis seo a chur i bhfeidhm chun ár gcuspóirí comhroinnte a bhaint amach. Déanfaidh an Coiste Bainistíochta Straitéisí, ina mbeimid féin agus ár bhfoirne bainistíochta faoi seach páirteach, maoirsiú ar an gcur i bhfeidhm. Éascaíonn an cur chuige sibhialta-míleata seo comhdhearcadh ar na spriocanna, na cuspóirí agus na gníomhaíochtaí straitéiseacha a aithníodh sa Ráiteas Straitéise seo. Leanaimid ar aghaidh ag oibriú mar eagraíocht oscailte anailíseach a bhíonn ag forbairt i gcónaí. Cinnteoidh an fócas soiléir seo go leanfar ar aghaidh ag comhlíonadh riachtanais an Rialtais maidir le cosaint thar gach ról a shanntar.

Thug Tuarascáil an Choimisiúin ar Óglaigh na hÉireann (CÓÉ) agus Tuarascáil an Ghrúpa Athbhreithnithe Neamhspleách ar shaincheisteanna Dínite agus Comhionannais in Óglaigh na hÉireann (GAN) deis dúinn an eagraíocht a mhúnlú chun seachadadh a dhéanamh ar bhealach nua-aimseartha agus éifeachtach, agus chun an bealach ina n-oibrímid a athrú ó bhonn. Tá dul chun cinn suntasach déanta chun na moltaí a chur i bhfeidhm agus tá an obair ar siúl fós. Tá an Comhlacht Maoirseachta Seachtrach ag feidhmiú go hiomlán agus tá Binse Fiosrúcháin bunaithe. Tá an treochlár atá riachtanach chun an obair seo a chur i gcrích curtha ar fáil dúinn leis an gCreat Straitéiseach, mar aon leis an bPlean Mionsonraithe Cur Chun Feidhme chun moltaí CÓÉ a chur i gcrích agus gealltanas an Rialtais maoiniú Cosanta a mhéadú go €1.5 billiún (i bpraghsanna 2022) faoi 2028. Chomh maith leis sin, cinnteoidh an méadú ar mhaoiniú caipitil de €1.7 billiún atá á leithdháileadh ar an Roinn Cosanta sa Phlean Forbartha Náisiúnta don tréimhse 2026-2030 go leanfar le claochlú Óglaigh na hÉireann.

Leag an tAthbhreithniú ar an mBeartas Cosanta 2024 béim ar roinnt príomhthosaíochtaí, lena n-áirítear fócas ar shlándáil mhuirí, Córas Comhtháite Faireacháin agus Faireachais a fhorbairt agus athruithe ar cheannas agus rialú a chur i bhfeidhm. Tá obair shuntasach ar siúl cheana féin chun na moltaí a rinneadh a chur i gcrích, lena n-áirítear Straitéis Náisiúnta Slándála Muirí a fhorbairt.

Tugann an dul chun cinn suntasach atá déanta go dtí seo, dúthracht ár bpearsanra, sibhialta agus míleata araon, agus na struchtúir mhaoirseachta atá curtha i bhfeidhm chun tacú leis an seachadadh, muinín mhór dúinn go gcuirfear i gcrích an t-athrú claochlaitheach atá ag teastáil.

Jacqui McCrum
Ard-Rúnaí

Lieutenant General Rossa Mulcahy
Ceann Foirne

An Roinn Cosanta agus Óglaigh na hÉireann



** Tá obair ar siúl faoi láthair ar ord agus rialú ardleibhéil a mbeidh tionchar aige ar an gcaidreamh ceannais idir an tAire agus Óglaigh na hÉireann.*

Údarás na Roinne Cosanta

Deir Acht na nAirí agus na Rúnaithe 1924 go ndéanfaidh an Roinn Cosanta "*na mbeidh ag gabháil léi riara agus gnó Fórsaí Cosanta Míleata Shaorstáit Éireann do thógáil, do thréineáil, do chó-ghléasa, do choinneáil suas, do ghléasa, do bhainistí, do smachtú, do regleáil, agus do stiúrú do réir dlí, agus gach comhacht, dualgas, agus feidhm a bhaineann leis an gcéanna*". Is é an tAire Cosanta ceann na Roinne Cosanta agus is é an tArd-Rúnaí "príomhoifigeach" na Roinne agus ceapann an tAire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí agus Digitiú agus Athchóirithe é mar Oifigeach Cuntasaíochta do gach caiteachas cosanta chomh maith. Is é Ceanncheathrú Óglaigh na hÉireann an ghné mhíleata den Roinn Cosanta, atá faoi cheannas an Cheann Foirne, arb é príomhchomhairleoir míleata an Aire é.

Fís, Misean & Róil na Roinne Cosanta agus Óglaigh na hÉireann

Leibhéal Straitéiseach Uaillmhéine

Ceannas na hÉireann a chosaint, saoránaigh na hÉireann a chosaint agus leasanna na hÉireann a dhaingniú chun tacú le sochaí na hÉireann, geilleagar na hÉireann, ár bhfolláine chomhchoiteann agus ár n-iomláine chríochach

Fís na Roinne Cosanta

Éire cheannasach shlán ina bhfuil saoránaigh agus leasanna na hÉireann faoi chosaint

Bunchuspóir na Roinne Cosanta

Tacaíocht a thabhairt don Aire trí chomhairle maidir le beartais agus cúrsaí míleata a sholáthar agus a chur i bhfeidhm, úsáid éifeachtach agus éifeachtúil acmhainní agus soláthar cosanta na hÉireann a bhainistiú

Fís Óglaigh na hÉireann

Beidh Óglaigh na hÉireann ina fhórsa míleata comhpháirteach atá aclaí, oiriúnach don fheidhm, réidh chun ár gceannas a chosaint, saoránaigh na hÉireann a chosaint, agus leasanna na hÉireann a dhaingniú

Bunchuspóir Óglaigh na hÉireann

Chun an cumas míleata comhpháirteach a sheachadadh chun leasanna na hÉireann a chosaint go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta

Róil na Roinne Cosanta

- Tacú leis an Aire, trí chomhairle agus tacaíocht beartais a sholáthar maidir le cúrsaí cosanta, lena n-áirítear beartais a cheapadh agus a chur i bhfeidhm agus reachtaíocht a dhréachtú
- Ról ceannaireachta a sholáthar i mbeartas idirnáisiúnta, chun gealltanais na hÉireann i réimse na slándála idirnáisiúnta agus oibríochtaí síochána agus slándála a chur chun cinn
- Forbairt Cumas lena n-áirítear mórsholáthar, cláir bhonneagar agus na tailte a úsáideann na fórsaí míleata
- Bainistíocht a dhéanamh ar na feidhmeanna airgeadais agus iniúchóireachta i ndáil le ról an Ard-Rúnaí mar Oifigeach Cuntasaíochta
- Comhordú agus maoirseacht a dhéanamh ar phleanáil éigeandála, lena n-áirítear athléimneacht eintiteas ríthábhachtach
- Bainistíocht a dhéanamh ar bheartas dlí, beartas rialála agus beartas dlíthiúlachta agus nithe gaolmhara thar ceann an Aire
- Maoirseacht beartais a dhéanamh maidir le seachadadh seirbhísí slándála, éigeandála agus pobail ag Óglaigh na hÉireann
- Bainistíocht a dhéanamh ar acmhainní daonna, caidreamh tionsclaíoch sibhialta agus míleata agus riarachán agus deonú pinsin mhíleata
- Ceannaireacht a dhéanamh ar rannpháirtíocht le Ranna Rialtais, údaráis phoiblí, an AE agus ionadaithe poiblí, chomh maith le hÓglaigh na hÉireann nuair is gá
- Cosaint Shibhialta a bhainistiú agus a fhorbairt ar an leibhéal náisiúnta

Róil an Bhuanfhórsa Cosanta

- Foráil a dhéanamh do Chosaint Mhíleata ar cheannas agus iomláine chríochach an Stáit
- Cur le hoibríochtaí síochána agus slándála réigiúnacha agus idirnáisiúnta.
- Cur le hathléimneacht náisiúnta agus le cuspóirí slándála an Rialtais ina iomláine
- Chun cúraimí ar bith eile a shannfaidh an Rialtas ó am go ham a chomhlíonadh

Róil na nÓglach Cúltaca

- An Buanfhórsa Cosanta a mhéadú i gcásanna géarchéime
- Cur le himeachtaí searmanais Stáit

Spriocanna Straitéiseacha

Príomhdhoiciméid Bheartais

Chomh maith leis na gealltanais atá sa Chlár Rialtais, is iad seo a leanas na príomhdhoiciméid bheartais náisiúnta maidir le Cosaint:

An tAthbhreithniú ar Bheartas Cosanta, 2024



Creat Straitéiseach

Plean Mionsonraithe Cur Chun Feidhme do Thuarascáil an Choimisiúin ar Óglaigh na hÉireann

Is é an tAthbhreithniú ar Bheartas Cosanta an t-athbhreithniú is déanaí i dtimthriall seasta athbhreithnithe agus leagtar amach ann beartas an Rialtais go dtí 2028. Athdhearbhaíonn an tAthbhreithniú seo agus, nuair is iomchuí, déanann sé athbhreithniú ar bheartas Cosanta agus ar sheasamh Óglaigh na hÉireann mar fhreagairt ar an timpeallacht slándála atá ann faoi láthair agus ar an tírdhreach cosanta náisiúnta agus idirnáisiúnta go ginearálta. Tá sé ríthábhachtach go bhfanfaidh ár mbeartas Cosanta atriallach agus oiriúnaitheach don leibhéal bagartha agus don timpeallacht slándála atá ann faoi láthair agus tacaíonn an timthriall seasta athbhreithnithe leis seo.

Comhthéacs Beartais

Timpeallacht Slándála le haghaidh Beartais Náisiúnta agus Idirnáisiúnta

Tá Éire tiomanta do bheartas eachtrach atá bunaithe ar luachanna, don iltaobhachas, do thacaíocht na Náisiún Aontaithe agus do bheartas neodrachta míleata. Ní chosnaíonn ár suíomh geografach agus ár stair pholaitiúil sinn ó thionchair thimpeallacht slándála idirnáisiúnta atá ag athrú go mear agus atá luaineach, rud atá ina réaltacht nua ar fud na hEorpa agus béim níos mó á leagan ar chosaint agus ar shlándáil ar an leibhéal Eorpach, mar is léir ó fhoilsiú an Pháipéir Bháin ar Ullmhacht Cosanta na hEorpa ag an AE i mí an Mhárta 2025. Léirítear an timpeallacht athraithe seo i gClár na nGealltanas Rialtais maidir le cosaint agus slándáil.

Foilsíodh Athbhreithniú ar an mBeartas Cosanta 2024 – '*Ár mBeartas Cosanta a Choigeartú agus a Dhearbhú i Ré Athraithe*' i mí Lúil 2024 agus is é an ceann is déanaí i dtimthriall seasta athbhreithnithe é agus leagann sé amach beartas an Rialtais go dtí 2028. Tá sé bunaithe ar Mheasúnú Slándála arna dhéanamh ag grúpa oibre idirghníomhaireachta faoi cheannas na Roinne Cosanta, ag aithint na n-athruithe suntasacha sa timpeallacht slándála idirnáisiúnta. Coinníonn na timthriallta seasta seo athbhreithnithe ar bheartas Cosanta cothrom le dáta leis an timpeallacht slándála atá i réim agus chun beartas agus seasamh Óglaigh na hÉireann a athbhreithniú mar fhreagairt ar an tírdhreach cosanta náisiúnta agus idirnáisiúnta níos leithne.

Leagann an tAthbhreithniú ar Bheartas Cosanta béim ar roinnt príomhthosaíochtaí don tréimhse go dtí 2028, lena n-áirítear:

- **Slándáil Mhuirí:** Beidh an Roinn Cosanta i gceannas ar fhorbairt na Straitéise Náisiúnta Slándála Muirí d'Éirinn (i gcomhar le páirtithe leasmhara náisiúnta agus idirnáisiúnta)
- **Díriú láithreach ar fhorbairt Chórais Chomhtháite Faireacháin agus Monatóireachta** do réimsí Aeir, Talún agus Farraige d'Éirinn
- **Cur i bhfeidhm athruithe ar cheannas agus rialú** agus ar rialachas agus cuntasacht riachtanach, atá ríthábhachtach don chlaochlú riachtanach ar Óglaigh na hÉireann
- Leanfaidh Éire ar aghaidh ag déanamh a cuid féin i gcomhar le Ballstáit eile chun **tacú le cosaint agus slándáil na hEorpa**, agus an comhoibriú á chur i gcomhthéacs ár **neodrachta míleata**
- **Ní mór méaduithe ar mhaoiniú cosanta a choinneáil i bhfeidhm** mar chumasóir criticiúil agus ríthábhachtach chun claochlú Óglaigh na hÉireann a dhéanamh agus chun ról na hÉireann mar chomhpháirtí slándála iontaofa agus mar chomharsa fhreagrach a neartú.

Creat Straitéiseach agus Plean Mionsonraithe Cur Chun Feidhme don Choimisiún ar Óglaigh na hÉireann

Tugann an *Creat Straitéiseach maidir le Claochlú Óglaigh na hÉireann* le chéile, as an iliomad pleananna atá forbartha, na gníomhartha láithreacha atá le déanamh chun tacú le claochlú Óglaigh na hÉireann ina eagraíocht atá oiriúnach don fheidhm chun an Stát a chosaint agus chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin an lae inniu agus an ama atá le teacht. Cuimsíonn sé seo na gníomhartha ó thuarascáil an Ghrúpa Athbhreithnithe Neamhspleách ar shaincheisteanna Dínite agus Comhionannais in Óglaigh na hÉireann (GAN), moltaí an Choimisiúin ar Óglaigh na hÉireann (CÓÉ) agus gach snáithe oibre reatha eile chun Óglaigh na hÉireann a athrú ó bhonn.

Beidh an Roinn Cosanta agus Óglaigh na hÉireann dírithe ar chur i bhfeidhm na ngníomhartha sa Chreat Straitéiseach, mar aon leis an gClár Rialtais agus an Nuashonrú ar an bPlean Mionsonraithe Cur Chun Feidhme don CÓÉ, le linn shaolré an Ráitis Straitéise seo.

Binse Fiosrúcháin

Bunaíodh Binse Fiosrúcháin le hIonstraim Reachtúil (IR 304 de 2024), an 20 Meitheamh 2024, chun scrúdú a dhéanamh ar éifeachtacht an phróisis ghearáin in Óglaigh na hÉireann maidir le saincheisteanna san ionad oibre a bhaineann le hidirdhealú, bulaíocht, ciapadh, ciapadh gnéasach agus mí-iompar gnéasach.

Déanann an Binse Fiosrúcháin foráil chomh maith d'imscrúdú a dhéanamh ar an bhfreagairt ar ghearáin maidir le ceimiceáin ghuaiseacha a úsáid laistigh de cheanncheathrú an Aerchóir ag Aeradróm Mhic Easmainn, Baile Dhónaill agus breithneoidh sé leordhóthanacht an phróisis ghearáin i bhfianaise na bhfreagraí orthu.

Tá an Roinn Cosanta agus Óglaigh na hÉireann tiomanta do chomhoibriú iomlán a dhéanamh leis an mBinse Fiosrúcháin.

Comhlacht Maoirseachta Seachtrach

Bunaíodh Comhlacht Maoirseachta Seachtrach ar Óglaigh na hÉireann i mí Aibreáin 2023, ar bhonn neamhreachtúil ar dtús. Bunaíodh an Comhlacht ar bhonn reachtúil ón 1 Nollaig 2024. Leanann an Comhlacht ar aghaidh ag déanamh monatóireachta agus tuairisciú ar dhul chun cinn Óglaigh na hÉireann maidir le gníomhartha is gá a chur i gcrích chun an bunathrú ar chultúr an ionaid oibre agus ar iompar idirphearsanta a chur i gcrích ar fud Óglaigh na hÉireann.

Reachtaíocht

I gcomhréir leis an gClár Rialtais, tá an Roinn i gceannas ar chlár oibre uaillmhianach maidir le hathchóiriú reachtaíochta. Baineann an clár oibre seo le nuachóiriú agus athchóiriú reachtaíochta príomhúla agus tánaisteacha a bhaineann leis na Fórsaí Cosanta agus áirítear leis dhá Bhille ar Chlár Reachtaíochta an Rialtais atá dírithe ar: Socruithe seolta agus athchóiriú an "Ghlais Thriaraigh"; Fionraí comhaltaí d'Óglaigh na hÉireann de réir mar is gá; Ceannas agus Rialú; Cúirteanna Fiosrúcháin agus Faisnéis Mhíleata.

Maoiniú Cosanta

Tá dhá Vóta san Earnáil Chosanta – Vóta 35, Pinsin an Airm agus Vóta 36, Cosaint. Mar chuid de phróisis na Meastachán bliantúil, cuirtear maoiniú ar fáil don Ghrúpa Vótaí Cosanta, ar bhonn bliantúil trí leithdháiltí ar leithligh do gach vóta.

Do 2025, is é €1.35 billiún an leithdháileadh iomlán don Earnáil Cosanta, lena n-áirítear €1,021 milliún do Vóta 36 - Cosaint, agus €329 milliún do Vóta 35 - Pinsin an Airm. Mar chuid de Thionscadal Éireann 2040, agus i ndiaidh athbhreithnithe le déanaí, leagann an Plean Forbartha Náisiúnta amach straitéis infheistíochta fhoriomlán an Rialtais agus buiséad caipitil don tréimhse 2026-2030. Mar chuid den athbhreithniú seo, leithdháileadh maoiniú caipitil de €1.7 billiún ar an Roinn Cosanta. Is méadú €600 milliún nó 55% é an maoiniú ar an bhfigiúr bonnlíne roimhe seo de €1.1 billiún.

Slándáil Mhuirí

Leagadh béim san Athbhreithniú ar Bheartas Cosanta ar thosaíocht an Rialtais do Shlándáil Mhuirí, rud a d'fhág gur cruthaíodh Aonad Slándála Muirí nua laistigh den Roinn Cosanta. Beidh an t-aonad seo i gceannas ar fhorbairt na Straitéise Náisiúnta Slándála Muirí, a mbeidh comhoibriú le páirtithe leasmhara náisiúnta agus idirnáisiúnta ag teastáil ina leith agus atá le foilsiú roimh dheireadh 2025. Beidh ról ag an aonad chomh maith i gcomhordú cúrsaí slándála muirí amach anseo.

Oifig na Pleanála Éigeandála

Is é Tascfhórsa an Rialtais um Pleanáil Éigeandála an struchtúr barrleibhéil a sheachadann beartas agus treoir i ndáil le bainistíocht straitéiseach ar éigeandálaí.

Cuireann an Oifig um Pleanáil Éigeandála ról tacaíochta ríthábhachtach ar fáil don Aire ina ról mar Chathaoirleach ar Thascfhórsa an Rialtais um Pleanáil Éigeandála. Tá an Oifig um Pleanáil Éigeandála freagrach as comhordú agus éascú a dhéanamh agus oideachas a chur ar fáil do na Ranna agus na Gníomhaireachtaí uile maidir le saincheisteanna a bhaineann le bainistíocht straitéiseach a dhéanamh ar éigeandálaí. Baintear é seo amach ag an Oifig um Pleanáil Éigeandála trí raon doiciméad dar teideal "Bainistíocht Straitéiseach Éigeandála: Struchtúir agus Creat Náisiúnta" a fhoilsiú agus a choinneáil cothrom le dáta. Cinntíonn na doiciméid seo cur chuige comhordaithe agus go mbainfear an úsáid is fearr is féidir as acmhainní agus comhoiriúnacht i réimsí beartais éagsúla. Cuireann an Oifig um Pleanáil Éigeandála cúnamh ar fáil chomh maith le linn éigeandálaí/géarchéimeanna náisiúnta do na príomhranna rialtais agus glacann sé páirt i gcleachtaí struchtúrtha idirghníomhaireachta ar an leibhéal náisiúnta.

Tá an Roinn Cosanta, tríd an Oifig um Pleanáil Éigeandála, i gceannas ar thrasuíomh na Treorach maidir le hAthléimneacht Eintiteas Criticiúil agus, i gcomhar le ranna rialtais ábhartha, is í an pointe teagmhála don Ghrúpa Athléimneachta Eintiteas Criticiúil tras-AE (CERG). Éascaíonn an CERG malartú faisnéise, lena n-áirítear dea-chleachtais, maidir le saincheisteanna a bhaineann le hathléimneacht eintiteas a sholáthraíonn feidhmeanna sochaíocha ríthábhachtacha ar fud an AE agus ina Bhallstáit.

Uachtaránacht na hÉireann ar an Aontas Eorpach

Beidh Éire ag tabhairt faoi Uachtaránacht Chomhairle an Aontais Eorpaigh ón 1 Iúil go dtí an 31 Nollaig 2026. Tá na hullmhúcháin d'Uachtaránacht na hÉireann ag dul i ndéine ar fud snáitheanna beartais agus oibríochta na pleanála araon. Tá na heilimintí cosanta á stiúradh ag an Roinn Cosanta, i ndlúthchomhar le Roinn an Taoisigh, leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus le hionchur ó gach Roinn ar fud an Rialtais. Táthar ag súil go dtacóidh Óglaigh na hÉireann leis na hiarrachtaí seo trí shaineolaithe oibríochtúla, searmanais agus ábhair a sholáthar de réir mar is gá.

Cosaint Shibhialta

Is eagraíocht reachtúil bunaithe ar oibrithe deonacha í an Chosaint Shibhialta a thacaíonn leis na Príomhghníomhaireachtaí Freagartha (údaráis áitiúla, an Garda Síochána agus FSS), ranna rialtais agus gníomhaireachtaí stáit, le linn imeachtaí éigeandála agus neamhéigeandála náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla.

Leagann an tAire Cosanta síos beartas Cosanta Sibhialta, agus tá an Roinn Cosanta i gceannas ar bhainistiú agus ar fhorbairt na Cosanta Sibhialta ar an leibhéal náisiúnta. I ndáil leis seo, oibreoidh an Roinn Cosanta go dlúth leis an bhFoireann Treorach Idirghníomhaireachta, le húdaráis áitiúla agus le hoifigigh Cosanta Sibhialta.

Leanfaidh an Roinn Cosanta, i gcomhréir leis an doiciméad beartais "Cosaint Shibhialta – I dTreo 2030", ar aghaidh ag forbairt na struchtúr a thacaíonn le Cosaint Shibhialta.

Tacóidh an Roinn chomh maith le leanúint de ról na Cosanta Sibhialta a sholáthar, faoin gCreat um Bainistíocht Móréigeandála i réimse teagmhas éigeandála.

Gealltanais Leathana / Rannpháirtíocht le Saineolaithe Ábhair

Tá gnéithe trasrannacha i gceist le hobair na Roinne agus Óglaigh na hÉireann agus is minic a bhíonn comhlíonadh ár spriocanna agus ár gcuspóirí ag brath go mór ar ionchur agus comhoibriú Ranna agus Gníomhaireachtaí eile Stáit, rud a léirítear sna gealltanais i gClár an Rialtais. Mar an gcéanna, is féidir a rath a bheith ag brath ar ionchur agus comhoibriú na Roinne agus Óglaigh na hÉireann araon. Déantar ionadaíocht ar oifigigh na Roinne agus ar phearsanra Óglaigh na hÉireann i roinnt grúpaí agus coistí idir-rannacha, a bhreithníonn raon saincheisteanna trasearnála a mbíonn tionchar acu ar an Rialtas.

Clúdaíonn an obair idir-rannach agus idirghníomhaireachta seo réimsí chomh héagsúil le slándáil náisiúnta, oibríochtaí tacaíochta síochána na Náisiún Aontaithe, straitéis dé-úsáide/tionscail chosanta, cibearshlándáil, cosaint iascaigh, reachtaíocht agus Meabhráin Tuisceana agus Comhaontuithe Seirbhíse mar chuid d'oibríochtaí Cúnamh don Chumhacht Shibhialta (CdCS) agus Cúnamh don Údarás Sibhialta (CdÚS).

I bhfianaise scála an chaiteachais, agus an méid fócais atá á chur air ar leibhéal na hEorpa, tá géarghá tras-Rialtais ann na deiseanna a eascraíonn as na tionscnaimh nua seo a thuiscint, tionchar a imirt orthu agus leas a bhaint astu b'fhéidir. Tá Brainse Rannpháirtíochta Tionsclaíche an AE bunaithe ag an Roinn agus é mar aidhm go mbeadh an Brainse seo i mbun oibre le Tionscal na hÉireann agus go dtacóidh sé lena rannpháirtíocht i dtionscnaimh mhaoinithe an AE amhail an Ciste Cosanta Eorpach. Ina theannta sin, spreagfaidh an Brainse rannpháirtíocht le Saineolaithe Ábhair Éireannacha i réimse na slándála agus na cosanta chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais chumais na bhFórsaí Cosanta, i gcomhréir lenár bPlean Forbartha Cumais atá ar siúl.

Saincheisteanna um Chearta an Duine agus Comhionannas

Ceanglaítear le hAlt 42(1) agus 42(2) den Acht fá Choimisiún um Chearta an Duine agus Comhionannas na hÉireann, 2014 go ndearnadh plé ar na saincheisteanna a bhaineann le cearta an duine agus comhionannas atá ábhartha do chomhlíonadh fheidhmeanna na Roinne Cosanta agus an Ráiteas Straitéise seo á ullmhú. Táthar ag leanúint leis an gcur chuige maidir le saincheisteanna cearta an duine agus comhionannais trí roinnt clár.

Maidir le comhionannas, Ráiteas Straitéise agus Plean Gníomhaíochta Ilchineálachta agus Cuimsithe Óglaigh na hÉireann; polasaí Comhionannais Óglaigh na hÉireann; éascaíonn Clár Luachanna i nGníomh Óglaigh na hÉireann agus Plean Gníomhaíochta Óglaigh na hÉireann ar Mhná, Síocháin agus Slándáil, fócas ar chomhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú laistigh d'Óglaigh na hÉireann. Tá obair shuntasach déanta chun athbhreithniú a dhéanamh ar bheartas reatha Óglaigh na hÉireann maidir le saoire mháithreachais agus cineálacha eile saoire chosanta. I measc na dtionscnamh amach anseo, tá forbairt beartais cuimsithe Óglaigh na hÉireann mar aon le gníomhartha tionlacain. Chomh maith leis sin, tá Clár um Chlaochlú Cultúir curtha i bhfeidhm ag Óglaigh na hÉireann, as ar tháinig Ráiteas Físe agus straitéis Cultúir infheidhme Óglaigh na hÉireann.

Mar bhonn agus taca leis an gcur chuige maidir le tacú lena fostaithe, tá tiomantas do chomhionannas deiseanna ag croílár Straitéis Daoine na Roinne, a seoladh i mí an Mheithimh 2025. Tacaítear le fostaithe na Roinne chun oibriú i dtimpeallacht shábháilte, chuimsitheach trí pholasaí Dínite ag an Obair agus trí réimse deiseanna foghlama agus forbartha, lena n-áirítear oiliúint ar chlaontacht neamh-chomhfhiosach. Tá tacaíochtaí breise ar fáil chomh maith tríd an tSeirbhís Cúnaimh d'Fhostaithe sa tSeirbhís Shibhialta agus tríd an Oifigeach Idirchaidrimh do Dhaoine faoi Mhíchumas sa Roinn.

Tá beartais i bhfeidhm chomh maith chun a chinntiú go bhfuil ceart ag gach duine aonair, sibhialta nó míleata, chun dínite ina dtimpeallacht oibre agus i ngach gníomhaíocht a eascraíonn as a seirbhís, agus tá forálacha ann freisin chun déileáil le gearáin inmheánacha agus nochtadh faisnéise faoin Acht um Nochtuithe Cosanta 2014. Tá rochtain ag comhaltaí d'Óglaigh na hÉireann ar phróiseas gearán reachtúil faoi alt 114 d'Achtanna Cosanta 1954-2015. Ina theannta sin, is féidir le comhaltaí d'Óglaigh na hÉireann gearáin a chur faoi bhráid Ombudsman Óglaigh na hÉireann. Go luath in 2025, seoladh próiseas nua neamhspleách chun Bainisteoir Gearán Eatramhach a cheapadh do chomhaltaí reatha Óglaigh na hÉireann maidir le gearáin den chineál idirphearsanta. Beidh an próiseas nua i bhfeidhm ar bhonn neamhreachtúil ar dtús ar feadh thréimhse phíolótach 12 mhí, d'fhonn scéim ghearán reachtúil níos buaine a chur i bhfeidhm, faoi réir athruithe ar an reachtaíocht phríomhúil.

Acht na dTeangacha Oifigiúla

Tá an Roinn Cosanta tiomanta do na hoibleagáidí atá leagtha amach in Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus in Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021 a chomhlíonadh maidir leis an leibhéal seirbhíse a chuirtear ar fáil trí Ghaeilge. Tá an ceathrú Scéim Teanga i bhfeidhm ag an Roinn Cosanta i gcomhréir le hAcht na dTeangacha Oifigiúla 2003 a chlúdaíonn an tréimhse 2022 - 2025. Is é príomhchuspóir an Achta go mbeadh fáil níos fearr ar sheirbhísí poiblí trí Ghaeilge agus go mbeidís ar chaighdeán níos airde. Reáchtáiltear imeachtaí ar bhonn rialta chun úsáid na Gaeilge a chur chun cinn laistigh den Roinn agus cuireann an Roinn oiliúint sa Ghaeilge ar fáil do bhaill foirne ar bhonn rialta. Ceapann Óglaigh na hÉireann 'Oifigeach Sinsireach Gaeilge', a chomhordaíonn fóraim oiliúna agus rannpháirtíochta na nGaeilge de chuid Óglaigh na hÉireann agus a thugann comhairle agus tacaíocht don Cheann Foirne agus do Bhord Óglaigh na hÉireann de réir mar is gá.

Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe agus Gníomhú ar son na hAeráide

I Meán Fómhair 2015, ghlac 193 Tír de chuid na Náisiún Aontaithe, Éire san áireamh, leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFInna) ina bhfuil 169 sprioc timpeall ar na 17 sprioc ardleibhéil. Cé go bhfuil an phríomhfhreagracht ar an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide as cur chun cinn agus maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm comhtháite na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFInna), ciallaíonn an cur chuige uile-Rialtais maidir le cur i bhfeidhm go bhfuil gach Roinn freagrach as na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a bhaineann lena bhfeidhmeanna féin a chur i bhfeidhm.

Leanfaimid orainn ag obair chun na cuspóirí agus na spriocanna ábhartha forbartha inbhuanaithe a chur i bhfeidhm, mar atá leagtha amach i gClár Oibre 2030 um Fhorbairt Inbhuanaithe.

Is cuid dhílis den fhorbairt shóisialta agus eacnamaíoch é Laghdú ar Riosca Tubaistí agus tá aitheantas tugtha dó i roinnt doiciméad domhanda ar Laghdú ar Riosca Tubaistí agus ar fhorbairt inbhuanaithe. Tá an Oifig um Pleanáil Éigeandála freagrach as bearta laghdaithe ar riosca tubaistí a chomhordú ar fud an Rialtais, ag baint úsáide as Bainistíocht Straitéiseach Éigeandála: Struchtúir agus Creat Náisiúnta mar threoir beartais. Tá an Oifig um Pleanáil Éigeandála freagrach chomh maith as an Measúnú Riosca Náisiúnta a tháirgeadh, ag baint úsáide as samhail an Rialtais Cheannais. Sa Mheasúnú Riosca Náisiúnta is déanaí, sainaithníodh 22 riosca straitéiseach príomhúil, agus is iad na ceithre phríomhriosca ná Cibearionsaí, Cur isteach ar Shlabhra Soláthair Criticiúil, Paindéim agus Ionfhabhtú atá Frithsheasmhach in aghaidh Ábhair Fhrithmhiocróbaigh.

Tacóimid leis an gceathrú Plean Gníomhaíochta Náisiúnta (NAP4) de chuid na hÉireann maidir le UNSCR 1325, Mná, Síocháin agus Slándáil 2025-2030 agus aithnímid an tábhacht a bhaineann le tacú le hiarrachtaí agus gníomhartha a shainaithnítear chun an Plean Gníomhaíochta Náisiúnta a chur i bhfeidhm, d'fhonn comhionannas inscne a bhaint amach. Tacaímid le ról an Ghrúpa Maoirseachta mar mheicníocht chun cur i bhfeidhm an Phlean a éascú agus monatóireacht a dhéanamh air, agus beidh ionadaithe ón Roinn agus ó na Fórsaí Cosanta ag gabháil leis an nGrúpa agus ag cur leis. Cuirfidh an NAP4 seo bonn eolais faoi fhorbairt an chéad Phlean Gníomhaíochta eile de chuid na bhFórsaí Cosanta chun UNSCR 1325 a Chur i bhFeidhm, rud a thabharfaidh aghaidh ar chomhionannas inscne i ngach gné laistigh de na Fórsaí Cosanta.

Tá an NAP ag teacht go dlúth le Domhan Níos Fearr, beartas forbartha idirnáisiúnta na hÉireann, áit a bhfuil comhionannas inscne ar cheann dár gceithre phríomhthosaíocht, mar aon le gníomhaíocht ar son na haeráide, laghdú ar riachtanais dhaonnúla, agus neartú rialachais. Leanfaimid orainn ag glacadh cur chuige réamhghníomhach i leith gníomhaíochta ar son na haeráide. Gealladh sa Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide 2021 (CAP21) go laghdóidh comhlachtaí earnála poiblí Gáis Cheaptha Teasa (GCT) faoi 51% faoi 2030 (meán bonnlíne 2016-2018), go bhfeabhsóidh siad éifeachtúlacht fuinnimh ó 33% (2020) go 50% faoi 2030 agus go dtáirgfidh siad Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide. Éilíonn Sainordú um Ghníomhú ar son na hAeráide 2024 ar gach comhlacht poiblí a chinntiú go gcuirtear inbhuanaitheacht san áireamh i ngach gné dá gcuid oibre.

Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe agus Gníomhú ar son na hAeráide (ar lean)

Is ionann an Earnáil Chosanta agus 3% d'astaíochtaí CO2iomlána na hEarnála Poiblí, agus is iad na Fórsaí Cosanta is cúis le 98.6% de na hastaíochtaí seo agus an Roinn is cúis le 1.4%. In 2024, sháraigh an Roinn a sprioc laghdaithe éifeachtúlachta fuinnimh faoi 2030, 6 bliana chun tosaigh ar an sceideal. Tá sprioc na Roinne maidir le laghdú 51% ar ghás ceaptha teasa a bhaint amach faoi 2030 faoi lán seoil agus i bhfianaise na dtionscadal atá á mbreithniú againn faoi láthair, amhail córais fhótavoltacha gréine agus calafoirt luchtaithe feithiclí leictreacha d'oifig Dhroichead Nua agus dár suíomhanna eile ar deireadh thall, gach seans go sáróimid ár spriocanna faoi 2030.

Ina theannta sin, léirítear an cur chuige réamhghníomhach seo i gClár Bonneagair Thógtha Óglaigh na hÉireann 2022-2027 a thugann gealltanas go ndéanfaidh gach tionscadal amach anseo iarracht stádas NZEB a bhaint amach i gcás foirgneamh nua agus foirgnimh athchóirithe domhain ar fhoirgnimh atá ann cheana féin ar fud na hEarnála Cosanta, le feidhmíocht theirmeach fheabhsaithe, téamh dícharbónaithe agus Foinsí Fuinnimh In-athnuaite sonraithe mar bhunchaighdeán. Tá pleananna á gcur i bhfeidhm ag Óglaigh na hÉireann chun laghdú 7% bliain ar bhliain a bhaint amach ar astaíochtaí CO2. Trí fheabhsuithe ar éifeachtúlacht, suiteáil tionscadal Foinsí Fuinnimh In-athnuaite, uasghrádú agus athfheistiú córas téimh leictrithe agus cur i bhfeidhm iompar bóthair d'Fheithiclí Leictreacha, tá Óglaigh na hÉireann tiomanta do bheith ina n-eiseamláirí agus ina gceannairí sa réimse seo.

Sainaithnítear i dTreochlár Óglaigh na hÉireann um Ghníomhú ar son na hAeráide na bearta is gá a bheith i bhfeidhm chun spriocanna 2030 a bhaint amach, agus leagtar amach ann go gcaithfear coigilteas bliantúil de 21,828,000 kgCO2 a bhaint amach chun ár spriocanna a chomhlíonadh. Tá Óglaigh na hÉireann tiomanta do bhearta a fhorbairt faoin treochlár seo agus roinneann siad uaillmhian Chomhaontú Glas an AE chun mór-roinn neodrach ó thaobh carbóin de a chruthú faoi 2050, agus thar an chéad deich mbliana eile, tiocfaidh athrú ó bhonn ar Óglaigh na hÉireann ó eagraíocht ardcharbóin go heagraíocht ísealcharbóin gan cur isteach ar aschuir oibríochtúla. Foilseoidh an Earnáil Cosanta a Straitéis Aeráide & Cosanta, doiciméad atá riachtanach faoi Chompás Straitéiseach an AE in 2025, rud a neartóidh tuilleadh na gealltanais chun na spriocanna seo a bhaint amach. Tá Óglaigh na hÉireann tar éis dul i ngleic le gníomhaireachtaí seachtracha ar nós Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann, an Ghníomhaireacht Eorpach um Chosaint, an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí agus Comhpháirtíocht na Síochána (clár de chuid Eagraíocht Chonradh an Atlantaigh Thuaidh) chun faisnéis agus dea-chleachtas a mhalartú maidir le dícharbónú agus éifeachtúlacht fuinnimh, agus atá sáriarracht déanta acu a bheith ina n-eiseamláirí san earnáil Fuinnimh Inbhuanaithe ar fud na hearnála poiblí agus na náisiún comhpháirtíochta. Ba é Óglaigh na hÉireann an chéad arm ar domhan a bhain deimhniúchán ISO50001 amach dá gCóras Bainistíochta Fuinnimh, agus tá siad páirteach go gníomhach i gcabhrú le náisiúin chomhpháirtíochta an tagarmharc tábhachtach éifeachtúlachta seo a bhaint amach.

Spriocanna Straitéiseacha

Téama	Líon	Sprioc Straitéiseach	Gníomh
1. Beartas Cosanta	1.1	Comhairle beartais agus comhairle mhíleata thráthúil agus ábhartha a sholáthar	A. Athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar an timpeallacht chosanta agus slándála chun a chinntiú go gcuirtear comhairle beartais agus comhairle mhíleata thráthúil agus ábhartha ar fáil don Aire B. A chinntiú go ndéantar freagairtí iomchuí a shainaithint agus a shaothrú agus aschur cosanta a sheachadadh chun aghaidh a thabhairt ar athruithe sa timpeallacht chosanta agus slándála, lena n-áirítear iad siúd a eascraíonn ar leibhéal an AE i ndiaidh fhoilsiú Pháipéar Bán an AE ar Chosaint
	1.2	An tAthbhreithniú ar Bheartas Cosanta a chur i bhfeidhm agus tús a chur leis an gcéad chéim eile i dtimthriall na n-athbhreithnithe cosanta.	A. Cuirfear tús leis an gcéad chéim eile i dtimthriall na n-athbhreithnithe cosanta in 2025
	1.3	Cur le polasaí slándála agus cosanta náisiúnta agus idirnáisiúnta	A. Bearta a shaothrú chun tacú le slándáil náisiúnta agus dul i ngleic go hiomlán le socruithe nua slándála náisiúnta B. Leasanna straitéiseacha agus luachanna na hÉireann a chur chun cinn i bhfóraim idirnáisiúnta C. Measúnú leanúnach ar rannchuidiú agus rannpháirtíocht na hÉireann in oibríochtaí idirnáisiúnta tacaíochta síochána agus bainistíochta géarchéime D. Tacaíocht na Roinne Cosanta agus Óglaigh na hÉireann d'Uachtaránacht na hÉireann ar an AE ón 1 Iúil go dtí an 31 Nollaig 2026
	1.4	Feabhas a chur ar chomhoibriú beartais trasearnála	A. Tacú leis an Tascfhórsa Rialtais um Pleanáil Éigeandála B. An Straitéis Athléimneachta Eintiteas Criticiúil a sheachadadh i Ráithe 1 2026 C. Sineirgí a dhoimhniú le Ranna agus Gníomhaireachtaí eile, lena n-áirítear trí Mheabhráin Tuisceana agus Comhaontuithe Seirbhíse D. Gealltanais trasearnála i gClár an Rialtais a chomhlíonadh E. Leanúint de thacaíocht a thabhairt don Chosaint Shibhialta agus í a fhorbairt timpeall ar a beartas straitéiseach lárnach "I dTreo 2030" F. Tacaíocht leanúnach ón Roinn Cosanta agus ó Óglaigh na hÉireann maidir le Straitéis Slándála Náisiúnta a fhorbairt G. Ceannaireacht a dhéanamh ar fhorbairt na Straitéise Náisiúnta Slándála Muirí H. Cur chuige réamhghníomhach leanúnach chun tacú le Gníomhú ar son na hAeráide, lena n-áirítear i mbreithnithe pleanála míleata intíre agus eachtrannacha le haghaidh oibríochtaí, soláthair agus forbairt acmhainneachta (lena n-áirítear bonneagar)

Spriocanna Straitéiseacha (ar lean)

Téama	Líon	Sprioc Straitéiseach	Gníomh
1. Beartas Cosanta	1.5	An Creat Straitéiseach a chur i bhfeidhm chun Óglaigh na hÉireann a athrú ó bhonn	A. Gach gníomh atá leagtha amach sa Chreat Straitéiseach a chomhlánú B. Gealltanais ó Chlár an Rialtais a chur i bhfeidhm C. Gníomhartha laistigh den Phlean Mionsonraithe Cur Chun Feidhme don Choimisiún ar Óglaigh na hÉireann a chur i gcrích faoi dheireadh 2028 D. Moltaí ó thuarascáil an GAN;, arna gceadú ag an Rialtas, a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear: i. Binse Fiosrúcháin ii. Comhlacht Maoirseachta Seachtrach d'Óglaigh na hÉireann E. Athrú Straitéiseach AD agus Cultúrtha le seachadadh F. Athrú claochlaitheach chun Cultúr na hEagraíochta, a Straitéisí agus a chleachtais Acmhainní Daonna a nuachóiriú G. Seirbhísí le hathchóiriú agus le hathstruchtúrú H. Dearadh Fórsa don Todhchaí atá Oiriúnach don Fheidhm, solúbtha agus idir-inoibritheach ar leibhéal straitéiseach, oibríochtúil agus seirbhíse le bunú laistigh de gach ceann de na trí sheirbhís I. Athbheochan le déanamh ar na hÓglaigh Cúltaca J. Fórsa cúltaca a chruthú ar féidir leis traenáil, oibriú agus imscaradh gan uaim leis na Buan-Óglaigh, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.
	1.6	Leanúint leis an gclár athruithe Reachtaíochta	A. Leanúint leis an gclár athruithe reachtaíochta chun bonn agus taca a chur faoin gclár oibre claochlaithe ina iomláine, lena n-áirítear Athrú Cultúrtha. Áirítear leis na hathruithe cumasúcháin tosaíochta: i. Forálacha an Ghlais Thriaraigh ii. Fionraí comhaltaí d'óglaigh na hÉireann de réir mar is gá iii. Socruithe maidir le Ceannas agus Rialú Ardleibhéil (C2) agus Rialachas Óglaigh na hÉireann iv. Cúirteanna Fiosrúcháin v. Faisnéis Mhíleata vi. Gach athrú reachtaíochta eile is gá.

Spriocanna Straitéiseacha (ar lean)

Téama	Líon	Sprioc Straitéiseach	Gníomh
2. Cumas seachadta a chinntiú	2.1	Forbairt agus cothabháil cumais	A. Próiseas pleanála forbartha cumais ó bharr anuas a chur i bhfeidhm agus Clár Forbartha Cumas fadtéarmach 2028 go 2040, agus Plean Forbartha Cumas gearrthéarmach 2028-2032, á sheachadadh B. Leanúint ar aghaidh ag bainistiú na hinfheistíochta méadaithe sa Chosaint, leis an maoiniú agus an tacaíocht pholaitiúil chomhfhreagrach is gá chun Leibhéal Uaillmhéine 2 a bhaint amach, agus ullmhúcháin don aistriú go Leibhéal Uaillmhéine 3 le hinfheistíocht chomhréireach. C. Tionscadail chumas tábhachtacha a sheachadadh, lena n-áirítear: i. Clár cumas radair mhíleata chun Córas Comhtháite Faireacháin agus Monatóireachta (IMSS) a chumasú ar fud Fearainn Mhuirí, Talún agus Aeir. ii. Córas Frith-Dhróin/Aerárthaí Gan Foireann/Córas Píolótach Cianrialtánach; iii. Athsholáthar Cabhlaigh Armúrtha; iv. Bainistíocht & Athsholáthar Cabhlaigh; v. Feabhsú Chabhlach an Aerchóir, vi. Athsholáthar ar Fhlít Héileacaptair Meán-Ardaithe atá ann cheana; vii. Dul Chun Cinn ar Fhlít Héileacaptair Mór-Mheánach; viii. Cumas feasachta fomhuirí. D. Straitéis Óglaigh na hÉireann um Chibearchosaint a sheachadadh E. Seirbhís Chabhlaigh, Aerchór agus Arm na hÉireann a athghiniúint agus a fhorbairt F. Leanúint leis an infheistíocht mhéadaithe i mbonneagar Cosanta, lena n-áirítear roghanna bunáite cósta don tSeirbhís Chabhlaigh G. Seirbhís Chomhpháirteach Faisnéise Míleata agus Scoil na Faisnéise Míleata a sheachadadh H. Straitéis um Chlaochlú Digiteach d'Óglaigh na hÉireann le seachadadh agus le cur i bhfeidhm.

Spriocanna Straitéiseacha (ar lean)

Téama	Líon	Sprioc Straitéiseach	Gníomh
2. Cumas seachadta a chinntiú	2.2	Ár ndaoine a fhorbairt agus pleanáil a fheabhsú do riachtanais AD amach anseo	A. Athrú Straitéiseach AD agus Cultúrtha le seachadadh in Óglaigh na hÉireann i. Straitéisí Acmhainní Duine (AD) a chur i bhfeidhm chun a chinntiú go dtarraingíonn, go dtraenálann, go múineann agus go gcoimeádann Óglaigh na hÉireann, idir na Buan-Óglaigh agus na hÓglaigh Cúltaca, pearsanra agus go n-ardóidh siad leibhéil láidreachta Óglaigh na hÉireann i dtreo bhunú beartaithe Leibhéal Uaillmhian 2 den Choimisiún ar Óglaigh na hÉireann de 11,500. ii. Straitéis shibhialtaithe agus plean gaolmhar don lucht saothair shibhialta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm d'Óglaigh na hÉireann iii. Bearta a fhorbairt, acmhainní a sholáthar agus a chur i bhfeidhm chun cur chuige straitéiseach a chinntiú maidir le hearcú agus coinneáil phearsanra Óglaigh na hÉireann iv. Tacú le feidhmiú éifeachtach Scéim um Réiteach agus Eadráin do na Buan-Óglaigh v. A chinntiú go gcuirtear forálacha na Treorach maidir le hAm Oibre i bhfeidhm ar Óglaigh na hÉireann, i gcás inarb iomchuí B. Straitéis Daoine na Roinne a chur i bhfeidhm C. Straitéis Cumarsáide na Roinne a chríochnú agus a chur i bhfeidhm D. Gach gealltanas a eascraíonn as tionscnaimh athchóirithe na seirbhíse poiblí a chomhlíonadh, lena n-áirítear Seirbhísí Poiblí Níos Fearr – Straitéis um Chlaochlú na Seirbhíse Poiblí 2030 agus Clár Athnuachana na Státseirbhíse 2030 E. Oifig Gnóthaí Seansaighdiúirí bunaithe
	2.3	Bainistíocht éifeachtach agus nuálach ar acmhainní	A. Cloí le bainistíocht airgeadais, iniúchadh, dearbhú, measúnú riosca, clár an Rialtais um Athchóiriú Soláthair agus ceanglais eile, lena n-áirítear an Cód Caiteachais Phoiblí, Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí agus caighdeáin rialachais, chomh maith le Nochtuithe Cosanta

Spriocanna Straitéiseacha (ar lean)

Téama	Líon	Sprioc Straitéiseach	Gníomh
3. Cosaint agus Athléimneachta Míleata Náisiúnta a sheachadadh	3.1	Cumas cosanta náisiúnta inchreidte a chinntiú	A. Staidiúir chosanta athléimneach agus inchreidte a sholáthar chun tacú le cosaint agus le díspreagadh náisiúnta B. Córais chomhtháite ordaithe agus rialaithe a bhunú a nascann na leibhéil straitéiseacha, oibríochtúla agus oirbheartaíochta. C. Cumais faisnéise láidre a chruthú, ag soláthar rabhaidh luath agus feasachta ar an staid trasréimse D. Leanúint ar aghaidh ag forbairt acmhainne cuimsithí Oibríochtaí Speisialta le haghaidh tascanna straitéiseacha. E. Óglaigh Cúltaca athbheoite a fhorbairt agus a choinneáil chun an Buanfhórsa Cosanta a mhéadú.
	3.2	Feabhas a chur ar Chomhar Idirnáisiúnta Cosanta agus Slándála agus ar Ranníocaíochtaí Freagartha Géarchéime	A. Cumais Óglaigh na hÉireann a imscaradh chuig oibríochtaí ilnáisiúnta tacaíochta síochána, bainistíochta géarchéime agus faoisimh dhaonnúil i gcomhréir le treoir an Rialtais agus forálacha reachtaíochta
	3.3	Cur le cosaint agus athléimneacht slándála an Rialtais ina hiomláine	A. Cumais chuimsitheacha cosanta agus slándála il-réimse a bhunú, a choinneáil agus a fhorbairt, ag tabhairt aghaidh ar bhagairtí traidisiúnta agus ar bhagairtí atá ag teacht chun cinn. B. Cur le hacmhainn náisiúnta maidir le bonneagar ríthábhachtach a chosaint agus freagairt d'éigeandálaí/géarchéimeanna. C. Tacaíocht a thabhairt do mheicníochtaí freagartha comhaontaithe agus iad a fhorbairt i gcás dúshláin chasta slándála agus mar thacaíocht do ranna Rialtais eile.
	3.4	Tacaíocht sholúbtha a chumasú don Rialtas	A. Cumais fhreagartha sholúbtha, inscálaithe a fhorbairt agus a choinneáil le haghaidh riachtanais éagsúla Rialtais e.g. seirbhís aeriompair aireachta agus seirbhísí searmanais

Gealltanais a luaitear i gClár an Rialtais

Gealltanais faoi stiúir na Roinne Cosanta a eascraíonn as Clár an Rialtais, 2025 – Todhchaí na hÉireann a Shlánú

Tá roinnt gealltanais i réimse na cosanta i gClár an Rialtais a comhaontaíodh i mí Eanáir 2025 agus tá teacht orthu anseo thíos. Tabharfaidh cuid mhór dár gcuid oibre le linn shaolré an Ráitis Straitéise seo tús áite do dhul chun cinn leanúnach na ngealltanas seo.

ID	Gealltanas
1	Is ábhar ollmhór bróid do mhuintir na hÉireann ról agus obair Óglaigh na hÉireann sa bhaile agus thar lear. Is lárnach iad i slándáil na tíre agus is léiriú iad ar luachanna na hÉireann thar lear, le tiomantas gan bhriseadh don tsíocháin a choinneáil i gcúinsí fíordhúshlánach go minic. Tá an taifead gan bhriseadh is faide fós i seirbhís thar lear leis na Náisiúin Aontaithe ag Óglaigh na hÉireann. Ag cur leis an dul chun cinn a rinne an rialtas roimhe seo, tá an rialtas seo tiomanta do chlaochlú agus nuachóiriú leanúnach Óglaigh na hÉireann ar fud na talún, an aeir, na farraige agus na gcibear-réimsí. Aithnímid an gá atá ann ár gcumas Cosanta a neartú i gcónaí, i bhfianaise an tírdhreacha gheopholaitiúil atá athraithe ó ionradh na Rúise ar an Úcráin.
2	Caomhnóidh agus cosnóidh an Rialtas beartas neodrachta míleata gníomhaí na hÉireann. Aithnímid chomh maith, cé go bhfuil ardmheas againn ar ár neodracht mhíleata, nach bhfuilimid neodrach ó thaobh na polaitíochta de. Leanfaimid orainn ag plé le comhpháirtithe idirnáisiúnta agus déanfaimid athchóiriú ar an reachtaíocht um an nGlas Triarach agus, ag an am céanna, a chinntiú go bhfuil na leasuithe ar an reachtaíocht i gcomhréir lenár luachanna agus lenár mbeartas maidir le neodracht mhíleata gníomhaí.
3	Leanfaimid orainn ag comhoibriú le comhpháirtithe idirnáisiúnta chun ár leasanna slándála a shaothrú agus i gcomhréir lenár luachanna, ag díriú ar: » Slándáil idirnáisiúnta agus an tsíocháin a choimeád » Bonneagar criticiúil faoi uisce a chosaint » Soláthar níos éifeachtaí a dhéanamh ar threalamh míleata » Cibearshlándáil agus dul i ngleic le bagairtí hibrideacha » Oiliúint, uasghrádú scileanna agus comhroinnt eolais
4	Leanúint d'infheistíocht sa Chosaint a mhéadú, agus an maoiniú agus an tacaíocht pholaitiúil is gá chun Cumas Feabhsaithe Leibhéal Uaillmhéine 2 a bhaint amach, agus bogadh chomh luath agus is féidir go Leibhéal Uaillmhéine 3 le hinfheistíocht chomhréireach, de réir mar is cuí.
5	Athchóiriú leanúnach a dhéanamh ar struchtúir cheannaireachta míleata, lena n-áirítear na hathruithe is gá chun ról nua Ceann Cosanta a bhunú.
6	Leanúint de thacaíocht a thabhairt don Phlean Gníomhaíochta Ardleibhéil maidir le cur i bhfeidhm an Choimisiúin ar Óglaigh na hÉireann, lena n-áirítear suíomhanna na Ceanncheathrún a shainaithint.
7	A chinntiú go gcuirfear straitéis nua Chomhpháirteach um Cheannasaíocht Chibearchosanta, arna foilsiú ag an Rialtas deireanach, i bhfeidhm go hiomlán.

ID	Gealltanas
8	Tús áite a thabhairt d'athghiniúint agus d'fhás Sheirbhís Chabhlaigh na hÉireann, lena n-áirítear Cúltaca an Chabhlaigh, agus béim á leagan ar ár mbonneagar cáblaí sonraí suntasach faoi uisce atá ag leathnú agus ar an earnáil fuinnimh amach ón gcósta atá ag teacht chun cinn a chosaint.
9	Athbhreithniú a dhéanamh ar ár struchtúir faisnéise míleata lena chinntiú go bhfuil ár seirbhísí faisnéise chomh maith agus is féidir chun slándáil náisiúnta a chosaint.
10	Plean le haghaidh idir-inoibritheacht Óglaigh na hÉireann speisialaithe le haonaid speisialaithe an Gharda Síochána i gcúrsaí cosanta náisiúnta.
11	Leanúint ar aghaidh ag cur nuachóirithe agus athraithe cultúrtha chun cinn, ag tacú go hiomlán leis an mBord Maoirseachta Seachtraí ina chuid oibre, ag cur moltaí den scoth ón GAN i bhfeidhm agus ag cinntiú gur fostóir nua-aimseartha, éifeachtach agus tarraingteach ár míleata.
12	Comhoibriú go hiomlán leis an mBinse Fiosrúcháin i Nithe Áirithe a bhaineann leis na próisis ghearáin in Óglaigh na hÉireann.
13	Leanúint leis an bpróiseas chun pá agus coinníollacha pearsanra atá ag fónamh a fheabhsú, agus ag an am céanna, leanúint ar aghaidh ag cur leis na feabhsuithe sa phróiseas earcaíochta, lena n-áirítear clár náisiúnta do dhaltaí Idirbhliana agus Tríú Leibhéal, d'fhonn an sprioc de 11,500 pearsanra a bhaint amach agus ionadaíocht níos fearr ar mhná a chinntiú ag gach leibhéal d'Óglaigh na hÉireann.
14	Leanúint ar aghaidh ag scrúdú dreasachtaí agus athruithe struchtúracha chun gairm bheatha mhíleata a dhéanamh inrochtana do raon níos leithne iarrthóirí, agus chun pearsanra atá ann cheana a spreagadh chun a ngairmeacha beatha míleata a shíneadh, lena n-áirítear Luaíocht a Thabhairt do Sheirbhís Fhada agus critéir incháilitheachta a leathnú.
15	Oifig Gnóthaí Seansaighdiúirí a bhunú a mbeidh acmhainní cuí aici, laistigh den Roinn Cosanta agus ag obair ar fud an Rialtais chun cabhrú le freastal ar riachtanais ár seansaighdiúirí.
16	Feabhas a chur ar an tSeirbhís Tacaíochta Pearsanra, a sholáthraíonn tacaíocht riachtanach do theaghlaigh agus do pháirtithe chomhaltaí Óglaigh na hÉireann, agus a thugann aitheantas ar a gcuid oibre.
17	A chinntiú go ndéanfar tuilleadh forbartha ar na hÓglaigh Cúltaca, ag cinntiú go bhfuil acmhainní agus trealamh iomlána ag an Oifig um Ghnóthaí Cúltaca atá nuabhunaithe agus ag an bPlean Athghiniúna agus Forbartha agus gach beart a dhéanamh chun líon na nÓglach Cúltaca a mhéadú.
18	Tacaíochtaí airgeadais a thabhairt isteach do Shaineolaithe Ábhair Éireannacha a éascaíonn baill foirne chun a bheith ina gcomhaltaí de na hÓglaigh Cúltaca agus iniúchadh a dhéanamh ar chumas ár n-institiúidí ardoideachais agus breisoideachais mar ionaid chun cultúr cúltaca atá scaipthe go geografach a chur chun cinn ar fud na tíre.
19	Cur i bhfeidhm éifeachtach na Treorach maidir le hAm Oibre a chinntiú.
20	Cumas feabhsaithe radair a fhorbairt don tír chun Córas Comhtháite Faireacháin agus Monatóireachta a chur ar fáil ar fud Fearainn Mhuirí, Talún agus Aeir.
21	Uasghrádú a dhéanamh ar chabhlach iompair mhíleata, acmhainn bhreise a sholáthar don Aerchór, agus trealamh cumarsáide raidió agus comharthaíochta den chéad ghlúin eile a sholáthar.
22	Dul chun cinn a dhéanamh ar Chlár Athnuachana agus Athsholáthair Árthaí na Seirbhíse Cabhlaigh, ag athsholáthar arm tánaisteach ar fud an chabhlaigh agus ag feabhsú ár gcumas fomhuirí.
23	Leanfaimid orainn ag forbairt ár mbonneagair tacaíochta muirí, ag infheistiú chun Bunáit Chabhlaigh Inis Sionnach a ullmhú don todhchaí, agus ag bunú Bunáit bhreise ar an gCósta Thoir don tSeirbhís Chabhlaigh.
24	Leanfaimid leis an infheistíocht chlaochlaitheach san eastát míleata agus le huasghrádú na mbeairicí ar fud na tíre, lena n-áirítear uasghrádú mór ar Aeradróm Mhic Easmainn, Baile Dhónaill.
25	Déanfaimid iniúchadh ar an eastát míleata atá ann cheana féin agus scrúdóimid an fhéidearthacht a bhaineann le cóiríocht nua a fhorbairt ar an eastát do phearsanra míleata.
26	An beartas 'Cosaint Shibhialta – I dTreo 2030' a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear córas nua láraithe bainistíochta oibrithe deonacha agus trealaimh a sheachadadh.

9 Gealltanais a luaitear i gClár an Rialtais (ar lean)

Gealltanais Trasearnála i gClár an Rialtais, 2025 a bhaineann leis an Roinn Cosanta

ID	Gealltanas
1	Tús áite a thabhairt d'athbhreithniú luath ar an bPlean Forbartha Náisiúnta a chríochnófar i mí Lúil 2025.
2	Athbhreithniú agus athchóiriú a dhéanamh ar an bpróiseas tosaíochta do thionscadail chaipitil i ngníomhaireachtaí tábhachtacha.
3	Luasghéarú a dhéanamh ar aistriú tailte stáit nach bhfuil úsáid mhaith á baint astu agus atá oiriúnach le haghaidh forbartha cónaithe chuig an Údarás Forbartha Tionscail.
4	Plean Caomhnaithe a chur i bhfeidhm don Churrach, ag bunú plean bainistíochta chun a chaomhnú a chinntiú, agus machnamh cúramach á dhéanamh ar an ngníomhaireacht is fearr a oireann chun an tírdhreach stairiúil seo a bhainistiú.
5	Ról comhordúcháin Roinn an Taoisigh a mhéadú i ndáil le slándáil náisiúnta agus Coiste Slándála Náisiúnta nua a bhunú, a thiocfaidh le chéile go rialta agus a bheidh faoi chathaoirleacht an Taoisigh agus a bheidh comhdhéanta den Tánaiste, den Aire Dlí agus Cirt agus den Aire Cosanta.
6	Scrúdú a dhéanamh ar na struchtúir slándála náisiúnta atá ann cheana féin agus breithniú a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir iad a neartú tuilleadh agus an obair seo a chríochnú laistigh de shé mhí.
7	An Lárionad Náisiúnta um Chibearshlándáil agus an tÚdarás Slándála Náisiúnta a thabhairt faoi chúram na Roinne Dlí agus Cirt chun ailíniú cuí an bhonneagair slándála náisiúnta a chinntiú.
8	Pleananna a fhoilsiú dár nUachtaránacht atá le teacht chun tosaíochtaí straitéiseacha don Eoraip agus d'Éirinn a chomhlíonadh.
9	Cruinniú neamhfhoirmiúil den Chomhairle Eorpach agus cruinniú den Chomhphobal Polaitiúil Eorpach a reáchtáil in Éirinn le linn na hUachtaránachta, chomh maith le clár idir 16 agus 20 cruinniú neamhfhoirmiúil den Chomhairle ar leibhéal Aireachta.
10	Iarracht a dhéanamh cuid de chruinnithe ardleibhéil ár nUachtaránachta a thabhairt chuig cathracha agus contaetha ar fud na hÉireann, ag cinntiú go mbainfidh an tír ar fad leas as an bpróifíl a bhaineann leis an Uachtaránacht.
11	Straitéis Slándála Náisiúnta athbhreithnithe a ullmhú a léiríonn an tírdhreach geopholaitiúil athraithe atá roimh an Eoraip agus roimh Éirinn. Cinnteoidh sé seo cur chuige uile-Rialtais i leith na cosanta agus an bhactha.
12	Ionad Sármhaitheasa Cibearshlándála a bhunú timpeall ar Bhraisle d'áiseanna Oideachais Tríú Leibhéal agus tionscal gaolmhar.

Óglaigh
na hÉireann
IRISH DEFENCE FORCES

An Roinn Cosanta
Department of Defence